

EIDD: Forógra Stocalm

‘Cumasaíonn an dea-dhearadh gníomh, is bac é an drochdhearadh’

Réamhrá

Go luath i ndiaidh a bunaithe i 1993 d’fhorbair an Institiúid Eorpach um Dhearadh agus Míchumas (EIDD) an ráiteas misin dar teideal ‘Dearadh ar mhaithe le cách: méadú ar ár gcaighdeán beatha’.

Rannpháirteach in obair na hInstitiúide le deich mbliana anuas tá na heagrais náisiúnta, baill indibhidiúla agus baill chorparáideacha i 19 de thíortha Eorpacha. Bhí obair le déanamh ar caidreamh seachtrach agus ar an struchtúr inmheánach. Dá thoradhsan is í an Institiúid ardán na hEorpa maidir le Dearadh do Chách; creideann EIDD gur mithid dóibh anois Forógra um Dhearadh do Chách a eisiúint.

Tá Dearadh do Chách fréamhaithe ó fheidhmiúlachas Chríoch Lochlann i gcaogaidí an 20ú haois agus ó dhearadh eirgeanamaíoch na seascaidí. Tá tionchar air freisin ag an ngné shochaípholaitiúil úd de pholasaithe leasa sóisialta Chríoch Lochlann arbh í ba chionsiocard leis an gcoincheap ‘Sochaí do Chách’ a bhfuil béim mhór inti ar chothromaíocht deiseanna a bheith ag cách. Tugadh éifeacht don mhachnamh idé-eolaíoch seo i Rialacha Caighdeánacha na Náisiún Aontaithe maidir le Cothromaíocht Deiseanna do Dhaoine le Míchumas; ghlac Mórthionól na Náisiún Aontaithe leo um Nollaig 1993. An fócas sna Rialacha ar dheiseanna soiléire cothromaíochta a spreag fealsúnacht ‘Dearadh do Chách’ ar glacadh leis go bunúsach ag Mórchrúinniú Bliantúil 1995 EIDD in Barcelona.

Comhaimseartha leis an bhforbairt sin bhí coincheapa gaolmhara ag eascairt. Ar fhás an Dearadh Uilíoch a bhí aird Mheiriceá faid a bhí an Dearadh Cuimsitheach á chur chun cinn sa Bhreatain.

Faoi láthair tá aitheantas á thabhairt de réir a chéile do Phleanáil agus do Dhearadh mar tháthchoda riachtanacha sna straitéisí gníomhaíochta sin is gá don bhforbairt inbhuanaithe.

Ag a Mórchrúinniú Bliantúil in Stocalm 9 Bealtaine 2004 ghlac an EIDD leis an bhForógra seo:

Is mó ná riamh ar fud na hEorpa atá éagsúlacht an chine dhaonna le feiscint i gcúrsaí aoise, cultúir agus cumais. Inniu, thar a bhfacthas riamh, táimid in ann teacht aniar as breoiteacht agus gortú agus déileáil le míchumas. Más saol casta aimhréiteach é is sinne a rinne amhlaidh é; ach is againne freisin atá idir acmhainn agus fhreagracht chun gurbh ar phrionsabal na cuimsitheachta a bhunófar dearadh.

Is ionann Dearadh do Chách agus dearadh a chlúdóidh éagsúlacht, cuimsitheacht shóisialta agus cothromaíocht. Is rud úr, agus gach gné san áireamh ann, an cur chuige seo agus tabharfaidh sé dúshlán cruthaíochta agus eiticí pleanálaithe, dearthóirí, gnó-eagraithe, riarthóirí agus ceannairí polaitiúla.

Is é aidhm Dhearadh do Chách gach duine a chumasú chun a bheith acmhainneach ar rannpháirtíocht i ngach gné den sochaí. Chuige sin ní fholáir a ndearann agus a ndéanann daoine ar mhaithe le daoine a bheith lánáisiúil agus insroichte ag cách - seirbhísí, gnáthrudáí, foirgníocht, eolas, cultúr.... Agus ní mór súil a choimeád ar ilghnéitheacht fhorásach an chine dhaonna amach anseo.

I gcleachtadh Dhearadh do Chách baintear úsáid chomhfhiosach as anailís ar riachtanais agus ar tnútha an duine. Is gá freisin sa chleachtas seo páirt a bheith i ngach cuid den phróiseas deartha ag an té a bhainfidh úsáid as an rud deartha ar deireadh thiar.

Impíonn an Institiúid Eorpach um Dhearadh agus Míchumas (EIDD) ar institiúidí na hEorpa, ar rialtais náisiúnta, réigiúnda agus áitiúla, ar dhaoine proifisiúnta, ar ghnóthaí, agus ar cheannairí sóisialta gach rud is gá a dhéanamh chun Dearadh do Chách a bheith ina chuid dá bpolasaithe agus dá ngníomhartha.

Glacadh lena bhfuil thuas 9 Bealtaine 2004 ag Mórchrúinniú Bliantúil na hInstitiúide Eorpaí um Dhearadh agus Míchumas (EIDD).